## Eisiúint do na Meáin – Éadálacha réadmhaoine Ollscoil Luimnigh i gcathair Luimnigh

**13 Meán Fómhair 2024**

Inniu, cuireadh tuarascáil faoi bhráid Thithe an Oireachtais, tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an luach ar airgead a bhain Ollscoil Luimnigh amach in éadálacha réadmhaoine i gcathair Luimnigh.

### Éadáil réadmhaoine ag Cé Uí Eoghanáin

I mí Aibreáin 2019, chuir an Ollscoil iarratas chuig an Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh maoiniú caipitil chun go bhforbrófar campas i lár chathair Luimnigh. Leis an bhforbairt bheartaithe, ar chostas measta €45.2 milliún, áiríodh méid measta €3 mhilliún chun suíomh a cheannach don fhorbairt i gceantar Cheoldrámaíocht Luimnigh. Trí lá tar éis an iarratais sin, d'fhaomh an Ollscoil réadmhaoin a cheannach ag Cé Uí Eoghanáin a bhí in aice láimhe ar chostas is mó ná €8 milliún. Toisc nach bhfuil aon fhianaise ann go raibh aon bhuntáistí breise ag baint le réadmhaoin Ché Uí Eoghanáin i gcomparáid leis an gceann ag an gceantar Ceoldrámaíochta a d'fhágfadh go raibh údar leis an gcostas ceannacháin breise, is deacair a dhéanamh amach an dóigh a raibh an ceannachán ina léiriú ar luach ar airgead.

Le luacháil chúlghabhálach ar an réadmhaoin ag Cé Uí Eoghanáin in 2023, thángthas ar an gconclúid gur íoc an Ollscoil thart ar aon trian níos mó ná luach margaidh na réadmhaoine in 2019. Mhol an Ollscoil go n-aithneofaí muirear bearnúcháin, nó caillteanas díluachála dar luach €3 mhilliún, ina ráitis airgeadais bhliantúla 2022 – 2023. Go fóill féin, níl plean forbartha ná maoinithe soiléir ag an Ollscoil do réadmhaoin Ché Uí Eoghanáin.

Fuair an Ollscoil comhairle luachála áirithe i ndáil le Cé Uí Eoghanáin roimh an gceannachán, ach ní bhfuair sí tuarascáil luachála fhoirmiúil ar an réadmhaoin. Bhí an méid sin ag teacht salach ar fhorálacha an *Chóid Caiteachais Phoiblí*. Ina ainneoin sin, cuireadh in iúl d'Údarás Ceannais na hOllscoile go bhfuarthas tuarascáil luachála.

Choimisiúnaigh Údarás Ceannais na hOllscoile athbhreithniú arna dhéanamh ag sainchomhairleoirí seachtracha ar éadáil Ché Uí Eoghanáin, ach bhí scaipeadh na tuarascála athbhreithniúcháin srianta ar chúiseanna dlí. I mí an Mheithimh 2022, rinne an Ollscoil athbhreithniú nach beag ar a nósanna imeachta éadála.

### Fáil tithe ag an Réabóg

Chuaigh forbróir chun cainte leis an Ollscoil i dtreo dheireadh 2021 maidir le togra chun tithe a thógáil ar shuíomh ag an Réabóg, rud a bheadh léasaithe chuig an Ollscoil, nó díolta léi, lena úsáid mar lóistín do mhic léinn. Tá an suíomh lonnaithe 3 chiliméadar ó phríomhchampas na hOllscoile.

D'ainneoin gur ghlac an Ollscoil nósanna imeachta nua maidir le héadáil réadmhaoine, bhí clistí móra ann sa dícheall cuí a bhaineann le forbairt na Réabóige.

- Fuair an Ollscoil tuarascálacha luachála foirmiúla roimh an gceannachán a thabhairt chun críche. Mar sin féin, bhí an luach ceannaigh a moladh don Údarás Ceannais bunaithe ar mhodh an *ghlanfháltais cíosa* chun an réadmhaoin a luacháil. Cé go raibh an lóistín cumraithe go ginearálta mar fhorbairt tithíochta chaighdeánach, ní dhearnadh faisnéis maidir le modh na *comparáide idir an praghas díola* chun réadmhaoin a luacháil, lena saothrófaí luacháil i bhfad níos ísle, a sholáthar don Údarás Ceannais.

- Chuir an Ollscoil ceannachán na dtithe i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2023 ar chostas €11.4 milliún, agus sheas sin do mheánphraghas díola de nach mór €572,000 in aghaidh an aonaid. Níor shainaithin an Ollscoil go raibh an ceannachán faoi dhliteanas dleacht stampála, agus tháinig costas breise nach rabhthas ag súil leis agus a bhí cothrom le beagán os cionn €1 milliún as sin.
- Roimh an gceannachán, ní raibh comhairle pleanála ó na gairmithe ábhartha dochloíte ach níor lorg an Ollscoil soiléiriú ón údarás áitiúil. I mí na Nollag 2023, tar éis chur i gcrích an cheannacháin, fuair an Ollscoil litir rabhaidh ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh á rá gur féidir gur forbairt neamhúdaraithe é an t-athrú ar an úsáid chuig an lóistín do mhic léinn gan cead pleanála.

Léiríonn luacháil ar réadmhaoin na Réabóige i mí an Mhárta 2024 gur dócha gur íoc an Ollscoil i bhfad ní ba mhó ná ba cheart a bheith íoctha aici agus mhol an Ollscoil muirear bearnúcháin sócmhainní de €5.2 milliún a aithint ina ráitis airgeadais bhliantúla 2022 – 2023.

Rinne abhcóide sinsearach neamhspleách imscrúdú ar roinnt ábhair imní shonracha maidir le láimhseáil na héadála a ardaíodh leis an Údarás Ceannais i nochtadh cosanta. Mar sin féin, ní dhearnadh na himpleachtaí níos ginearálta a bhaineann leis na saincheisteanna a ardaíodh do chóras rialaithe agus cinnteoireacht na hOllscoile a bhreithniú ná a imscrúdú go leordhóthanach. Le himscrúdú breise a choimisiúnaigh an tÚdarás Ceannais, aimsíodh fianaise inchreidte gur diúltaíodh frithargóintí ó bhaill foirne ábhartha san Ollscoil maidir le héadáil na Réabóige, nó gur tugadh neamhaird orthu.

I dtuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déantar moltaí le haghaidh feabhsuithe i mbeartais, nósanna imeachta agus rialuithe na hOllscoile maidir le héadáil réadmhaoine agus ghlac an Ollscoil leo.

**Nótaí le haghaidh Eagarthóirí**

Is oifigeach bunreachtúil neamhspleách é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus tá sé freagrach as cistí poiblí a iniúchadh. Tuairiscíonn sé chuig Dáil Éireann.

An 8 Lúnasa 2024, shínigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an tuarascáil agus, an 12 Lúnasa 2024, seoladh chuig an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta í. Faoi alt 11 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear ar an Aire an tuarascáil a chur faoi bhráid Dháil Éireann laistigh de thrí mhí ón dáta a cuireadh an tuarascáil faoina bhráid.

Le modh luachála an *ghlanfháltais cíosa* (nó an ioncaim), déantar meastachán ar luach margaidh réadmhaoine faoi threoir an ioncaim cíosa ionchais (glan ar chostais) agus ráta fáltais infheistíochta riachtanaigh. Le modh luachála na *comparáide idir an praghas díola*, déantar meastachán ar luach margaidh réadmhaoine faoi threoir praghsanna a bhaintear amach do réadmhaoine ar mhéid chosúil, agus lena mbaineann tréithe cosúla, sa cheantar céanna, a bheag nó a mhór.

https://www.audit.gov.ie/en/publications/special%20reports/special-report-117-university-of-limerickproperty-acquisitions-in-limerick-city.html

Ba cheart fiosrúcháin faoin tuarascáil a chur chuig Mary Henry ag (01) 863 8619 nó pressrelease@audit.gov.ie